2023.M107T

2023L225G1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2023

# Corpoideachas

## Gnáthleibhéal

## Dé hAoine 23 Meitheamh     Tráthnóna 2:00 - 4:30

250 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2023 d’fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D’fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Tá **trí** roinn sa pháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| Roinn A | Ceisteanna gearra | 80 marc |
| Roinn B | Cás-Staidéar | 50 marc |
| Roinn C | Ceisteanna fada | 120 marc |

Freagair na ceisteanna mar a leanas:

**10** gceist ar bith as Roinn A

Ceist 13 i Roinn B – Cás-Staidéar

**Trí** cinn ar bith de na cúig cheist i Roinn C

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá curtha ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás i gcomhair obair bhreise i gcúl an leabhráin. Tig leat páipéar breise a iarraidh chomh maith. Lipéadaigh aon obair bhreise den chineál sin go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an bpáirt den cheist.

**Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh.**

Scanfar an leabhrán scrúdaithe seo agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

## Roinn A — 80 marc

Freagair **10** gceist ar bith de na ceisteanna 1-12.

**Ceist 1**

**(a)** Ainmnigh ceann **amháin** de na comhpháirteanna den chorpacmhainn a bhaineann le sláinte (HRF sa Bhéarla) is tábhachtaí do do rogha gníomhaíocht choirp.

| |
|---|
| Gníomhaíocht Choirp |
| Comhpháirt de HRF |

**(b)** Ainmnigh tástáil corpacmhainne is féidir a úsáid chun an chomhpháirt seo den chorpacmhainn a thomhas, **agus** déan cur síos ar an tástáil.

| |
|---|
| Tástáil Corpacmhainne |
| Cur síos ar an tástáil |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 2**

Cuir síos ar **dhá** straitéis a d'fhéadfaí a úsáid chun cuidiú leis an téarnamh i ndiaidh seisiún traenála.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 3**

Tá cosaint zóin sa chispheil. Tá léirmhíniú ceoil sa scátáil fhíorach.

Sainaithin struchtúr/straitéis/gné chomhdhéanaimh **amháin** as do rogha gníomhaíocht choirp. Mínigh an fáth a bhféadfadh sí buntáiste feidhmíochta a thabhairt dá mbainfí úsáid aisti le linn comórtais.

**Ní** ceadmhach duit cosaint zóin nó léirmhíniú ceoil a úsáid i do fhreagra.

| |
|---|
| Gníomhaíocht Choirp |
| Struchtúr/Straitéis/Gné Chomhdhéanaimh |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 4**

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thaca le rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp sa phobal agus ar **dhá** constaic atá roimh an rannpháirtíocht.

| Taca | Constaic |
|---|---|
| 1. | 1. |
| | |
| | |
| | |
| | |
| 2. | 2. |
| | |
| | |
| | |
| | |

**Ceist 5**

Ainmnigh forbhia spóirt agus cúis lena úsáid.

| Forbhia |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 6**

**(a)** Ainmnigh **dhá** mhodh le sonraí a bhailiú faoi rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp.

**(b)** Cén cineál eolais a bhailítear le gach ceann de na modhanna seo?

| (a) Modh bailithe sonraí | (b) An Cineál eolais a bhailítear |
|---|---|
| 1. | |
| | |
| | |
| | |
| 2. | |
| | |
| | |
| | |

**Ceist 7**

**(a)** Ainmnigh **dhá** thréith a bhaineann le feidhmíocht sciliúil.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |

**(b)** Sainmhínigh scil.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(c)** Sainaithin modh **amháin** le hanailís a dhéanamh ar fheidhmíocht sciliúil.

| |
|---|
| |

**Ceist 8**

Ní mór do lucht eagraithe imeacht gníomhaíochta coirp a lán tosca a chur san áireamh.

Déan cur síos ar **dhá** rud ba chóir dóibh a dhéanamh le sábháilteacht na rannpháirtithe go léir a chinntiú.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 9**

Meaitseáil na tosca síceolaíocha atá liostaithe thíos leis an míniú cuí:

**Imní staide** **Imní tréithe** **Spreagadh intreach** **Spreagadh eistreach**

| Míniú | **Toisc shíceolaíoch** – roghnaigh ón liosta thuas, le do thoil |
|---|---|
| Dúil sa rannpháirtíocht chun aitheantas dearfach a bhaint amach, e.g. duaiseanna a bhuachan. | |
| Staid mhothúchánach sealadach nach dtarlaíonn ach i gcúinsí faoi leith. | |
| Staid mhothúchánach ghinearálta. | |
| Dúil sa rannpháirtíocht chun sásamh a bhaint as an ngníomhaíocht. | |

**Ceist 10**

Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas:

- Formhuiniú spóirt
- Marsantú spóirt
- Fógraíocht atá bainteach le spórt.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 11**

**(a)** Mínigh fireannacht ceannais.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(b)** Mínigh baineannacht ceannais.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**Ceist 12**

Cuir tic (✓) sa cholún Fíor nó Bréagach i gcás na ráiteas seo a leanas:

| | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|
| Tá Spórt Éireann freagrach as an bhfrithdhópáil in Éirinn. | | |
| Is é an tslí is mó a mbíonn tionchar ag stéaróidigh anabalacha ar fheabhsú na feidhmíochta ná an t-airdeall a fheabhsú agus an traochadh a laghdú. | | |
| Ceadaítear 5 theip as láthair do lúthchleasaithe in 12 mhí. | | |
| Is sampla den spórtúlacht é an liathróid a chur as an imirt nuair a ghortaítear céile comhraic. | | |

| **Roinn B** | **Cás-Staidéar** | **50 marc** |
|---|---|---|

Scrúdaigh an téacs agus na híomhánna sa Chás-Staidéar thíos agus freagair Ceist 13.

| **Lúthchleasaí** | | |
|---|---|---|
| **Ellen Keane** | Ba í Ellen an lúthchleasaí Oilimpeach ab óige riamh as Éirinn nuair a shnámh sí sna Cluichí Parailimpeacha i mBéising in 2008 agus í in aois 13. Rugadh í agus cuid dá lámh chlé ar iarraidh. Is é an bang brollaigh 100 m SB8 a speisialtacht. Bhuaigh sí bonn ór sna cluichí Oilimpeacha i dTóiceo in am 1 nóiméad, 19.93 soicind. Tá Ellen urraithe ag Allianz Ireland.<br>(Catagóir is ea SB8 do shnámhaithe bang brollaigh atá faoi mhíbhuntáiste comhordaithe ar leibhéal íseal, gan ach úsáid leathchoise nó leathláimhe acu nó cuid de ghéag amháin a bheith ar iarraidh.) |   **Fíor 1** |
| **Serena Williams** | B’imreoir leadóige as na Stáit Aontaithe í Serena. Bhuaigh sí 23 teideal i gcluichí singile na Caithréime Móire agus 14 theideal sna cluichí dúbailte. I séasúr 2014/15 bhuaigh sí gach ceann de na ceithre chomórtas shingile sa Chaithréim Mhór - Craobh Oscailte na hAstráile, Craobh Oscailte na Fraince, Craobhchomórtas Wimbledon agus Craobh Oscailte SAM. Aithnítear í mar an lúthchleasaí mná is mó tuilleamh riamh. Deirtear gur shaothraigh sí $94.5 milliún as an leadóg.<br>Bhí sé dian orm. Deireadh daoine gur rugadh mar fhear mé, mar gheall ar mo lámha nó toisc go bhfuil mé láidir. |  **Fíor 2**<br>Seo mise, agus seo m’arm agus mo mheaisín (ag díriú ar a bícéips). Tig liom a thaispeáint d’Olympia (m’iníon) gur streachail mé, ach tá mé sásta anois leis an té atá ionam agus le céard atá ionam agus leis an gcuma atá orm. |

| | | |
|---|---|---|
| **Gráinne Ní Bhriain** | Is imreoir camógaíochta í Gráinne atá 25 bliain d'aois, agus atá ina captaen ar Éire Óg, an tAonach, agus ina comhchaptaen ar fhoireann sinsir Thiobraid Árann<br><br>Is cuimhin liom nuair a bhí mé óg, ní cailín a bhí ionam riamh a bhíodh ag súgradh le bábóga, bhínn i gcónaí amuigh. Ba chailín báire mé agus thit mé i ngrá leis an gcamógaíocht nuair a bhí mé sa bhunscoil, áit a raibh an iomáint ina chaitheamh aimsire mór. Mar sin, is dochreidte an rud é geansaí Thiobraid Árann a chur orm agus is rud é nach ndéanfaidh mé talamh slán de choíche. | Fiafraíodh de Ghráinne Ní Bhriain, imreoir camógaíochta as Tiobraid Árann, cén riail amháin sa chamógaíocht a d'athródh sí.<br><br><br><br>**Fíor 3** |

**Ceist 13** **(50 marc)**

**(a)** **(i)** Sainmhínigh urraíocht.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(ii)** Mínigh **dhá** bhealach a bhféadfadh Ellen Keane tairbhe a bhaint as na conarthaí urraíochta atá aici.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(b)** Phléigh Serena Williams íomhá colainne ó pheirspictíocht an lúthchleasaí de.
Léigh na sleachta athfhriotail uaithi thuas, agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

**(i)** Mínigh íomhá colainne agus tú ag baint úsáid as sampla.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(ii)** Pléigh an dóigh a bhféadfadh rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp tionchar a imirt ar íomhá colainne mná.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(c)**



**Fíor 4**



**Fíor 5**

Mínigh an dóigh a bhféadfadh an cineál feistis is gá a chaitheamh i spóirt áirithe tionchar a imirt ar leibhéil rannpháirtíochta sna spóirt sin.

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(d)** Chun an tábla thíos a chomhlánú sainaithin:

**(i)** an príomhchóras fuinnimh agus

**(ii)** príomh-chomhpháirteanna na corpacmhainne a bhaineann leis an bhfeidhmíocht (PRF sa Bhéarla) i gcás gach ceann de na **trí** spórt agus den **triúr** lúthchleasaithe seo.

| **Lúthchleasaí** | **Gníomhaíocht** | **(i)** An Príomhchóras fuinnimh | **(ii)** Príomh-chomhpháirt na Corpacmhainne a bhaineann leis an bhFeidhmíocht |
|---|---|---|---|
| **Ellen Keane** | Bang brollaigh 100 m | | |
| **Serena Williams** | Seirbheáil leadóige | | |
| **Gráinne Ní Bhriain** | Cluiche camógaíochta 70 bomaite | | |

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(iii)** Mínigh gach ceann de chomhpháirteanna na corpacmhainne a bhaineann leis an bhfeidhmíocht a shainaithin tú in **(ii) agus** tabhair sampla de do rogha spórt/gníomhaíocht choirp eile ina bhfuil an chomhpháirt sin tábhachtach.

| |
|---|
| Comhpháirt na Corpacmhainne a bhaineann le Feidhmíocht 1 |
| Míniú ar Chomhpháirt na Corpacmhainne a bhaineann leis an bhFeidhmíocht |
| |
| |
| |
| Sampla ó ghníomhaíocht choirp eile |
| |
| |
| Comhpháirt na Corpacmhainne a bhaineann le Feidhmíocht 2 |
| Míniú ar Chomhpháirt na Corpacmhainne a bhaineann leis an bhFeidhmíocht |
| |
| |
| |
| Sampla ó ghníomhaíocht choirp eile |
| |
| |
| Comhpháirt na Corpacmhainne a bhaineann le Feidhmíocht 3 |
| Míniú ar Chomhpháirt na Corpacmhainne a bhaineann leis an bhFeidhmíocht |
| |
| |
| |
| Sampla ó ghníomhaíocht choirp eile |
| |

## Roinn C 120 marc

Freagair **trí** cheist ar bith as na ceisteanna 14 – 18.

**Ceist 14** **(40 marc)**

**(a)** **(i)** Déan cur síos ar ghníomhaíocht a d’fhéadfaí a úsáid chun feabhas a chur ar an bhfeidhmíocht i scil ainmnithe a bhaineann le do rogha gníomhaíocht choirp. Is ceadmhach úsáid a bhaint as léaráid.

| |
|---|
| Gníomhaíocht Choirp |
| Scil |
| Gníomhaíocht |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(ii)** Mínigh an fáth a bhfuil an ghníomhaíocht ar chuir tú síos uirthi ina bealach éifeachtach chun an scil ainmnithe sin a fhoghlaim.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile*


**(b)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chéim i bhfoghlaim scile.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |

**(c)** **(i)** Sainmhínigh dara dlí gluaisne Newton.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(ii)** Ainmnigh scil ó do rogha gníomhaíocht choirp agus mínigh cur i bhfeidhm cruthaitheach na scile seo.



**Fíor 6**

| |
|---|
| Gníomhaíocht Choirp |
| Scil |
| Cur i bhfeidhm cruthaitheach |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 15** **(40 marc)**

**(a)** **(i)** Mínigh spóirt oll-rannpháirtíochta.

**(ii)** Pléigh **dhá** shlí a bhfuil tairbhe eacnamaíochta ag baint le rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp.

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(b)** Ainmnigh agus mínigh **trí** phrionsabal dhifriúla a bhaineann le traenáil.

| 1. |
|---|
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |
| 3. |
| |
| |
| |
| |

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(c)** Baintear úsáid as an tréimhsiú i gcóitseáil spóirt.

**(i)** Céard is tréimhsiú ann?

| |
|---|
| |
| |
| |

**(ii)** Cén fáth a mbaintear úsáid as an tréimhsiú i gcóitseáil spóirt?

| |
|---|
| |
| |
| |

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chiogal/chéim a mbaintear úsáid astu sa tréimhsiú.

| 1. |
|---|
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |

**Ceist 16** **(40 marc)**



**Fíor 7**

**(a)** **(i)** Maidir le do rogha gníomhaíocht choirp, luaigh na cothaithigh ba choir do lúthchleasaí a ithe ar lá comórtais.

**(ii)** Tabhair fáth le gach cothaitheach a roghnaíonn tú.

| |
|---|
| Gníomhaíocht Choirp |
| Cothaithigh roimh an gcomórtas |
| |
| Fáth(anna) |
| |
| |
| Cothaitheach le linn an chomórtais |
| |
| Fáth(anna) |
| |
| |
| Cothaithigh i ndiaidh an chomórtais |
| |
| Fáth(anna) |
| |
| |

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(b)** I gcás gach ceann de na cothaithigh a d'ainmnigh tú in **(a)**, tabhair sampla de chineál bia a d'fhéadfaí a ithe ar lá comórtais le cinntiú go bhfaighidh an lúthchleasaí an cothaitheach cuí.

| |
|---|
| Cothaitheach roimh an gcomórtas |
| Bia |
| Cothaitheach le linn an chomórtais |
| Bia |
| Cothaitheach i ndiaidh an chomórtais |
| Bia |

**(c)** Mínigh **dhá** thoisc shíceolaíocha as an liosta thíos **agus** cuir síos ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar an bhfeidhmíocht.

**Muinín** **Imní** **Spreagadh** **Comhdhíriú**

| |
|---|
| Toisc 1 |
| Míniú |
| |
| |
| Tionchar ar an bhfeidhmíocht |
| |
| |
| Toisc 2 |
| Míniú |
| |
| |
| Tionchar ar an bhfeidhmíocht |
| |
| |

**Ceist 17** **(40 marc)**

**(a)** Mínigh Eisceacht i gcomhair Úsáid Theiripeach (TUE sa Bhéarla).

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)** **(i)** Tabhair sampla de Dhruga a Chuireann leis an bhFeidhmíocht (PED sa Bhéarla) i ngach ceann den dá chatagóir thíosluaite.

| Catagóir PED | Sampla de PED |
|---|---|
| Hormóin Peiptíde | Hormón Fáis Daonna |
| Gníomhaí anabalach | |
| Spreagthaigh | |

**(ii)** Mínigh an fáth a bhféadfadh lúthchleasaí úsáid a bhaint as PED.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(iii)** Pléigh **dhá** impleacht dhiúltacha a bhaineann le húsáid PED-anna.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(c)** Is iomaí éileamh a bhíonn ar dhaoine a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí iomaíocha coirp.

**(i)** I ngníomhaíocht choirp de do rogha féin, sainaithin ról ghníomhaí. Déan cur síos ar **dhá** éileamh a bhíonn ar ghníomhaí sa ról sin. **Ní** ceadmhach tagairt don chorpacmhainn.

| |
|---|
| Gníomhaíocht Choirp |
| Ról gníomhaí |
| Éileamh 1 |
| |
| |
| Éileamh 2 |
| |
| |

**(ii)** Sa ghníomhaíocht choirp chéanna, mínigh an fáth a gcaithfidh cóitseálaí am cleachtaidh/traenála a bhainistiú go héifeachtach.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** éileamh ar oifigeach ainmnithe sa ghníomhaíocht choirp chéanna.

| |
|---|
| Oifigeach |
| 1. |
| |
| |
| 2. |
| |
| |

**Ceist 18** **(40 marc)**

**(a)** Bhí imeachtaí i Sraith Dhomhanda Red Bull sa Tumadóireacht d'Aill ar siúl ar Inis Mór (Árainn) agus i nDún Laoghaire.

# Phlódaigh 145,000 duine isteach go Dún Laoghaire thar an deireadh seachtaine chun cuid de na tumadóirí is fearr ar domhan a fheiceáil ag tumadh d'aill

Eagraíodh comórtas móréilimh seo Red Bull i mBaile Átha Cliath den chéad uair.

May 13th 2019, 12:34 PM 8,576 Views 6 Comments Share 15 Tweet Email




Constantin Popovici ón Rómáin

**Fíor 8**

**(i)** Mínigh margaíocht spóirt.


*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(ii)** Déan cur síos ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag óstáil comórtas spóirt mar an Tumadóireacht d'Aill ag Red Bull, ar fhorbairt na turasóireachta in Éirinn.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(b)** Taispeántar i bh**Fíor 9** céatadán na mac léinn a bhíonn rannpháirteach i spórt scoile lasmuigh den rang Corpoideachais.




**Fíor 9**

**(i)** Cén grúpa mac léinn is mó a bhíonn rannpháirteach i spórt scoile?

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fháth fhéideartha a mbíonn an grúpa seo níos rannpháirtí i spórt scoile.

1.

2.

**(iii)** Mol bealaí chun an rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp a mhéadú i measc páistí scoile.

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(c)** I bh**Fíor 10** taispeántar clúdaigh den iris *Sports Illustrated* ar a bhfuil beirt imreoirí leadóige le feiceáil, Anna Kournikova agus Roger Federer. Bhí an bheirt acu rangaithe mar uimhir a haon i measc na n-imreoirí leadóige tráthanna éagsúla dá ngairmréim.




**Fíor 10**

**(i)** An dtaispeánann clúdaigh na hirise seo an dóigh a léiríonn na meáin lúthchleasaithe fireanna agus lúthchleasaithe baineanna ar shlite difriúla? Mínigh do fhreagra.

**(ii)** Pléigh conas a d'fhéadfadh an dóigh a léirítear an corp sna meáin tionchar a imirt ar rannpháirtíocht na bhfear óg i ngníomhaíocht choirp/spóirt.

## Spás le haghaidh obair bhreise

Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist atá á freagairt agat.

Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist atá á freagairt agat.

Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist atá á freagairt agat.

Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist atá á freagairt agat.

## Admhálacha

**Íomhánna**
Íomhá i gceist 13: https://www.businesspost.ie/news/paralympians-can-expect-more-sponsor-attention-says-allianz/ (Arna rochtain den chéad uair 09.10.2022)
Íomhá i gceist 13: https://sports.ndtv.com/tennis/serena-williams-says-she-s-not-on-edge-but-i-m-not-a-robot-1494563 (Arna rochtain den chéad uair 11.11.2022)
Íomhá i gceist 13 (c): https://www.facebook.com/SportsJOEdotie/psts/pfbid02qnurERMp2XmFDyNjhcEZtsaHcYomCBotHbz7VidXwRd7jhKUzfQj16NciWt3Ns8VI (Arna rochtain den chéad uair 09.10.2022)
Íomhá i gceist 13 (c): https://static01.nyt.com/images/2019/01/16/arts/16ACOSTA-ITEM2/16ACOSTA-ITEM2-videoSixteenByNine3000.jpg?year=2019&h=1687&w=3000&sig=0x38d289d6e11c3c6348a2a78c6c1a817b&tw=1 (Arna rochtain den chéad uair 09.10.2022)
Íomhá i gceist 13 (c): https://sportinglimerick.com/opinion-dont-give-joe-schmidt-9-months-to-plan-for-1-game/tadhg-furlong-22-9-2019/ (Arna rochtain den chéad uair 11.11.2022)
An íomhá i gceist 14 (c): https://www.mirror.co.uk/news/world-news/cyclist-best-superman-impression-race-10780196 (Arna rochtain den chéad uair 04.12.2022)
An íomhá i gceist 16: https://health.clevelandclinic.org/foods-for-prostate-health/ (Arna rochtain den chéad uair 20.11.2022)
An íomhá i gceist 18 (a): https://www.the42.ie/red-bull-cliff-diving-4632153-May2019/ (Arna rochtain den chéad uair 20.11.2022)
An íomhá i gceist 18 (b): The Children’s Sport Participation and Physical Activity Study 2018
An íomhá i gceist 18 (c): https://ethicsofsports.wordpress.com/2015/11/21/sexualisation-of-female-athletes-in-the-media/ (Arna rochtain den chéad uair 20.11.2022)

**Téacsanna**
An téacs i gceist 13 curtha in oiriúint ó na foinsí seo:
https://paralympics.ie/team-ireland-profiles/ellen-keane/ (Arna rochtain den chéad uair 09.10.2022)
https://lexi.global/sports/swimming/breaststroke/sb8/ (Arna rochtain den chéad uair 04.12.2022)
https://www.essentiallysports.com/wta-tennis-news-people-would-say-i-was-born-a-guy-serena-williams-once-detailed-the-hate-she-received-because-of-her-big-arms/ (Arna rochtain den chéad uair 11.11.2022)
https://www.nenaghguardian.ie/2022/04/21/obrien-never-takes-playing-for-tipp-for-granted/ (Arna rochtain den chéad uair 09.10.2022)

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Corpoideachas

Dé hAoine 23 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 - 4:30